C/2023/570

27.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11290 — INEOS / SINOPEC / ABS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/570)

1. An 19 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— INEOS AG ('INEOS', an Eilvéis),

— China Petroleum and Chemical Corporation ('Sinopec', an tSín), cuideachta faoi úinéireacht stáit,

— INEOS Styrolution Sinopec Advanced Materials (Tianjin) Ltd ('ABS JV', an tSín), comhfhiontar nuachruthaithe, faoi rialú INEOS agus Sinopec.

Gheobhaidh INEOS agus Sinopec rialú comhpháirteach ar ABS JV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ilchuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach é INEOS a tháirgeann raon ceimiceán lena n-áirítear peitriceimiceáin, ceimiceáin speisialtachta agus táirgí ola,

— Is grúpa peitriliam agus peitriceimiceach é Sinopec a bhfuil a cheanncheathrú i mBéising.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag ABS JV forbairt, tógáil, oibriú agus úinéireacht gléasra stiréine bútaidhé-éine aicrilinítríle ('ABS') atá ag gabháil go príomha do tháirgeadh agus do sheirbhís iardhíola ABS ag baint úsáide as teicneolaíocht ABS de chuid INEOS sa tSín.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) , ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11290 — INEOS / SINOPEC / ABS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË